

Preaseisiúint ó FRA

Vín, 11 Meitheamh 2020

## Le COVID-19, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le cearta bunúsacha a chosaint go láidir

Is léir ón Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2020 ó FRA go bhfuil an méadú atá ag teacht ar éadulaingt agus ar ionsaithe ar chearta bunúsacha daoine ina chúis fós leis an laghdú ar an dul chun cinn suntasach a baineadh amach le blianta anuas. De réir mar a thagann an Eoraip amach as an bpaindéim COVID-19, feictear dúinn go bhfuil na neamhionannais atá ann faoi láthair agus na bagairtí atá ann don chomhtháthú sóisialta ag dul in olcas.

*"Bhí tionchar ollmhór ag paindéim COVID-19 ar chearta bunúsacha gach duine ar fud an AE agus is mar sin a bheidh sé sa todhchaí. Is dócha go rachaidh neamhionannas leanúnach, ciapadh agus claontacht in olcas," a deir Stiúrthóir FRA [Michael O'Flaherty](#). "Ní mór do rialtais pleanáil don 'ghnáthrud nua' a áirithiú, as a dtiocfaidh sochaí chothrom agus chóir ina dtugtar urraim do dhínit gach duine agus ina ndeimhnítear nach bhfágfar aon duine ar lár."*

Sa [Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2020](#) ó FRA déantar machnamh ar na forbairtí agus ar na heasnaimh ar chearta an duine a chosaint le bliain anuas. Ina [cuid 'fócas'](#) leagtar béim ina ar an gcaoi a bhfuil Cairt um Chearta Bunúsacha AE níos feiceálaí agus a bhfuil cultúr nua um chearta bunúsacha ar leibhéal AE á spreagadh. Ach ar bhonn náisiúnta, tá feasacht ar an gCairt agus úsáid na Cairte teoranta fós in ainneoin go bhfuil sí ina ceangal dlí le 10 mbliana anuas. Leis na léargais a cuireadh i láthair inti, táthar ag súil go spreagfar daoine eile, rialtais san áireamh, chun úinéireacht a ghlacadh ar an ionstraim iontach seo – agus lánfheidhm a thabhairt di ionas gur féidir léi saol daoine a athrú go hiomlán.

Áirítear ar na mórcheisteanna eile a bhfuil béim orthu sa tuarascáil:

- Bhí tabhairt urraime do **chearta bunúsacha ag teorainneacha** fós ar cheann de na príomhdhúshláin a bhaineann le cearta an duine san AE. Fuair imircigh bás ar muir, agus tharla foréigean agus brúnna siar ag teorainneacha talún. Rinne roinnt Ballstát bagairt ar bháid tarrthála daonnúla. I mBallstáit eile, leanadh le plódú agus le heaspa dídine i measc imirceach. Tháinig méadú ar choinneáil leanaí freisin, lena n-áirítear leanaí gan tionlacan a bhí gan chaomhnóirí chun cabhrú leo.
  - Ní mór do na Ballstáit deireadh a chur go práinneach le mí-úsáid ar chearta bunúsacha den chineál sin, agus bearta éifeachtacha a fhorbairt chun cearta leanaí a chosaint, go háirithe leanaí gan tionlacan.
- Tháinig feabhas beag ar rátaí bochtaineachta leanaí san AE. Mar sin féin, tá 1 as gach 4 leanbh fós i **mbaol na bochtaineachta**. Fágann sé sin go bhfuil leanaí fós ag dul a luí agus ocras orthu agus go bhfuil siad ag maireachtáil i ndrochchoinníollacha, rud a chuireann isteach ar a sláinte agus ar a n-oideachas. Is measa an cás fós ag leanaí a bhfuil tuismitheoirí eachtrannacha acu, agus 4 as gach 10 leanbh i mbaol. I gcás leanaí i dteaghlaigh aontuiste, is ionann é agus 1 as gach 3 leanbh.
  - Ba chóir don AE a thionscnamh um Rátháocht do Leanaí a ghlacadh le spriocanna soiléire agus maoiniú leordhóthanach chun bochtaineacht leanaí a laghdú.
- Tá rialtais agus cuideachtaí ag iarraidh leas a bhaint as na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an **Intleacht Shaorga**. Tá dul chun cinn ag teacht ar chúrsaí eitice agus cearta bunúsacha agus treoirilínte agus dlíthe á gceapadh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Comhairle na hEorpa.
  - Ba chóir don AE agus do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar measúnuithe tionchair ar chearta bunúsacha atá críochnúil agus trédhearcach a ionchorprú sna rialacháin atá le teacht maidir le húsáid intleacht shaorga, mar aon le comhlachtaí maoirseachta neamhspleácha.

Tugtar achoimre agus anailís sa tuarascáil ar mhórfhorbairtí i réimse chearta an duine san AE i rith 2019. Sa tuarascáil tá [moltaí le haghaidh gníomhartha](#) a chuimsíonn Cairt an AE um Chearta Bunúsacha agus úsáid na cairte sin ag Ballstáit; comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas agus éadulaingt ghaolmhar; imeascadh na Romach; tearmann, teorainneacha agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta leanaí; rochtain ar cheartas; agus cur chun feidhme choinbhinsiún míchumais na Náisiún Aontaithe.

**Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le:** [media@fra.europa.eu](mailto:media@fra.europa.eu) /

Teil.: +43 1 580 30 653